

## Clár

1.	Cad é an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníochach)?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cad í an tástáil acmhainne?	4
4.	Cé mhéid is féidir a fháil?	8
5.	Cad iad na méaduithe eile a fhéadfar a fháil?	10
6.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	11
7.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	12
8.	Cad iad na sochair eile a fhéadfar a fháil?	14
9.	Cad a tharlaíonn má fhágtar nó má dhíoltar an baile cónaithe?	15
10.	Cad a tharlaíonn má théitear chun cónaí lasmuigh den Stát?	18
11.	An leanfar den íocaíocht tar éis bháis?	18
12.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	19

Meán Fómhair 2016

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 19 chun na sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.



## 1. Cad é an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)?

Is éard atá sa Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) ná íocaíocht faoi réir tástála acmhainne do dhaoine atá 66 bliana d'aois nó os a chionn sin nach gcáilíonn don Pinsean Stáit (Ranníocach) de bhun a dtaifid árachais shóisialaigh. Is cóir duit iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht seo **3 mhí** sula sroichfidh tú 66 bliana d'aois.

## 2. Conas a cháilítear?

Chun cáiliú don Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) ní mór duit:

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) bhailí a shealbhú,
- an Coinníoll Gnáthchónaithe\* a chomhlíonadh,
- cónaí sa Stát le linn duit an pinsean seo a fháil,
- a bheith 66 bliana d'aois nó os a chionn sin, agus
- tástáil acmhainne a chomhlíonadh.

\* Coinníoll is ea an Coinníoll Gnáthchónaithe nach mór duit a chomhlíonadh chun cáiliú d'íocaíochtaí áirithe cúnaimh leasa shóisialaigh agus don Sochar Linbh. Tháinig an coinníoll seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2004 agus baineann sé leis na hiarratasóirí go léir, is cuma cén náisiúntacht atá acu.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

### 3. Cad í an tástáil acmhainne?

Is slí í an tástáil acmhainne lena fháil amach an bhfuil do dhóthain acmhainne agat chun soláthar a dhéanamh duit féin agus lena shocrú cé mhéid íocaíochta, más ann di, dá bhféadfaidh tú cáiliú. Is í d'acmhainn ná aon ioncam ar leat é nó ar le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir é agus maoin (seachas do bhaile cónaithe féin) nó sócmhainn a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil duit.

Ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán ionas go bhféadfaimid d'acmhainn a ríomh. Ní mór duit na sonraí go léir de d'acmhainn féin agus d'acmhainn do chéile, do pháirtneára sibhialta nó do chomhchónaitheora, i gcás inar cuí sin, a thabhairt. Ní mór duit na cáipéisí riachtanacha go léir mar ráitis bhainc, sonraí de do thuilleamh uile nó duillíní pá pinsin eile a chur le d'iarratas. Má chuireann tú foirm iarratais neamhiomlán isteach nó mura gcuireann tú na cáipéisí riachtanacha tacaíochta isteach, is féidir go gcuirfead moill ar an gcinneadh faoi d'iarratas nó is féidir gurb é an toradh a bheidh air ná d'iarratas ar phinsean a dhiúltú.

Is féidir go seolfar d'éileamh ar phinsean chuig Cigire Leasa Shóisialaigh áitiúil i gcomhair imscrúdaithe agus agallaimh.

#### Cad a áirítear mar d'acmhainn?

Cuimsíonn d'acmhainn iad seo thíos, ach níl sí teoranta dóibh seo:

- ioncam airgid thirim ar leat nó le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir é,
- luach cibé infheistíochtaí, coigilteas, cistí, bannaí agus scaireanna atá agat,
- luach cibé maoin atá agat, **seachas** do bhaile cónaithe féin,
- airgead cothabhála a íoctar leat má tá tú tréigthe nó idirscartha,
- ioncam ó fhostaíocht nó ó fhéinfhostaíocht. Baineann neamhaird tuillimh €200 sa tseachtain ó fhostaíocht inárachaithe leat agus le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir, i gcás inar cuí sin. Ní bhaineann an

neamhaird seo le tuilleamh ó fhéinfhostaíocht, áfach.

Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht sibhialta nó ag comhchónaí le duine eile, cuirfidimid acmhainn do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora san áireamh ó thaobh na tástála acmhainne.

Más úinéir talún feirme thú nó má tá talamh feirme ar léas agat, measúnóimid mar acmhainn luach bliantúil cibé ioncaim a fhaigheann tú nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir uaidh sin. Áireoidimid an luach bliantúil trí na costais riachtanacha a bhaint as an ollioncam.

Má choinníonn tú nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ioncam nó maoin (agus airgead san áireamh) uaibh féin chun cáiliú don Phinsean Stáit (Neamh-Ranníochach) nó chun cáiliú do ráta níos airde den phinsean seo, cuirfidimid an t-ioncam nó an mhaoin sin san áireamh ó thaobh na tástála acmhainne. B'fhéidir nach mbeadh feidhm aige seo, áfach, i gcás socraíochtaí teaghlaiigh áirithe lena ngabhadh aistriú úinéireachta feirme nó gnólachta.

### **Tabhair faoi deara**

**Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht sibhialta nó ag comhchónaí le duine eile, ríomhfar d'acmhainn mar leath na comhacmhainne atá agat féin agus ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir.**

### **Conas a mheasúnaítear caipiteal?**

Is é atá i gceist le caipiteal ná coigilteas, infheistíochtaí, scaireanna, cistí, bannaí, airgead ar láimh agus luach maoin (seachas do bhaile cónaithe féin). Agus d'acmhainn ó chaipiteal á háireamh, bainimid feidhm as foirmle ar leith chun áireamh a dhéanamh ar d'acmhainn:

Baintear feidhm as an bhfoirmle seo:

<b>Caipiteal:</b>	<b>Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear:</b>
An chéad €20,000	<b>Dada</b>
€20,000- €30,000	€1 sa €1,000
€30,000- €40,000	€2 sa €1,000
Os cionn €40,000	€4 sa €1,000

## Sampla 1

Tá coigilteas €45,800 agus níl aon acmhainn eile ag duine singil.

Méid an choigiltis	€45,800
Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha air)	€ <u>20,000</u>
	€25,800

Measúnaítear an t-iarmhéid €25,800 mar seo a leanas:

Measúnaítear €10,000 ag €1 sa €1,000	€10.00
Measúnaítear €10,000 ag €2 sa €1,000	€20.00
Measúnaítear €5,000 ag €4 sa €1,000	€20.00

Ní mheasúnaítear an t-iarmhéid €800 mar tá sé níos lú ná €1,000.

Acmhainn sheachtainiúil	€50.00
Pinsean Stáit Seachtainiúil (Neamh-Ranníocach) sa bhliain 2016:	€202.00

## Sampla 2

Tá comhchoigilteas €100,800 ag duine pósta, duine i bpáirtnéireacht shibhialta nó duine atá ina c(h)ónaí le comhchónaitheoir ag a bhfuil duine fásta cáilithe\* faoi bhun 66 bliana d'aois, agus níl aon acmhainn eile aige/aici.

\* Féach leathanach 9 chun sonraí de dhuine fásta cáilithe a fháil.

Méid an chomhchoigiltis	€100,800
Coigilteas inmheasúnaithe (leath an chomhchoigiltis)	€50,400
Measúnaítear é seo mar a leanas:	
Coigilteas inmheasúnaithe	€50,400
Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha air)	- € <u>20,000</u>
	€30,400

Measúnaítear an t-iarmhéid €30,400 mar a leanas:

Measúnaítear €10,000 ag €1 sa €1,000	€10.00
Measúnaítear €10,000 ag €2 sa €1,000	€20.00
Measúnaítear €10,000 ag €4 sa €1,000	€40.00

Ní mheasúnaítear an t-iarmhéid €400 mar tá sé níos lú ná €1,000

Acmhainn sheachtainiúil do gach duine €70.00

Pinsean Stáit Seachtainiúil (Neamh-Ranníocach) (Ráta 2016)

Ráta Pearsanta €182.00

Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe\* faoi bhun 66 bliana d'aois €120.30

\*Féach leathanach 9 chun sonraí de dhuine fásta cáilithe a fháil.

lomlán €302.30

Dá mbeadh gach duine den lánúin i sampla 2 66 bliana d'aois nó os a chionn sin, cháileodh gach duine acu do phinsean seachtainiúil €182 (Ráta 2016).

### **Tabhair faoi deara**

**Má cháilíonn tú don Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach), socrófar an ráta íocaíochta a gheobhaidh tú ar leibhéal ar chóir go dtabharfadh sé caighdeán leordhóthanach maireachtála duit.**

**Bheadh súil ag an Roinn go gcaithfeá do phinsean ar fad, nó an chuid is mó de, gach seachtain chun íoc as do ghnáthchostais laethúla mhaireachtála.**

**Má dhéanann tú an rogha, áfach, cuid de do phinsean a choigilt, cuirfear tástáil acmhainne ar an gcoigilteas sin sa chaoi chéanna agus a dhéantar i gcás coigiltis ó aon fhoinsé eile (mar shampla, ó thuilleamh, ó phinsean ceirde nó ó oidhreacht).**

**Ag brath ar mhéid an choigiltis a chnuasaíonn tú ó na foinsí go léir, d'fhéadfadh laghdú i (nó aistarraingt de) do Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a bheith mar thoradh air seo.**

### **Cad nach n-áirítear mar acmhainn?**

Is iad seo a leanas **cuid** de na príomhrudaí nach n-áirítear mar acmhainn:

- do bhaile cónaithe féin,
- aon íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí,

- an chéad €200 de thuilleamh seachtainiúil ó fhostaíocht inárachaithe, ach ní ó fhéinfhostaíocht. Beidh a leithéid de neamhaird tuillimh €200 sa tseachtain ó fhostaíocht inárachaithe, ach ní ó fhéinfhostaíocht, i bhfeidhm freisin i gcás do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora,
- cibé costais a thabhaíonn tú de riachtanas chun aon chineál féinfhostaíochta a choinneáil sa siúl,
- Liúntas Cúraim Altrama ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- ranníocaíochtaí le Cuntas Pearsanta Coigiltis Scoir,
- íocaíochtaí áirithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus
- ioncam ó charthanachtaí áirithe.

### **Scéim Luathscoir an Aontais Eorpaigh ón bhFeirmeoireacht**

Tugaimid neamhaird freisin ar aon íocaíocht a fhaigheann tú ón Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi Scéim Luathscoir an Aontais Eorpaigh ón bhFeirmeoireacht. Féadfaidh an Roinn sin, áfach, do phinsean faoin scéim sin a laghdú de mhéid an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) a fhaigheann tú.

### **Ioncam ó Chíos**

Má chónaíonn duine leat agus má íocann sé/sí cíós leat, ní áireoidimid an cíós mar acmhainn dá mba rud é go mbeifeá i do chónaí leat féin murach sin.

## **4. Cé mhéid is féidir a fháil?**

Tá an pinsean comhdhéanta de ráta pearsanta duit agus suimeanna breise um dhuine fásta cáilithe agus um leanbh/leanaí cáilithe. Gheobhaidh tú an t-usráta pearsanta de Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) más í an acmhainn sheachtainiúil atá agat ná €30 nó níos mó ná sin.



## Cé atá ina dhuine fásta cáilithe?

Is duine fásta cáilithe é do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir, i gcoitinne. Féadfaidh tú méadú sa phinsean a fháil ina leith fad is nach bhfaighidh sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)eart féin, ach amháin an Liúntas Cúramóra (mar a bhfuil feidhm ag socruithe ar leith).

Céimnítear an Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe de réir ráta pearsanta do phinsin féin.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

### **Tabhair faoi deara**

**Ó Mheán Fómhair 2007, íocaimid de réir dlí an méadú um dhuine fásta cáilithe go díreach leis an gcéile, leis an bpáirtneír sibhialta nó leis an gcomhchónaitheoir lena mbaineann ach amháin mar a sonraíonn sé/sí gur féidir an méadú a íoc leat.**

### **Tabhair faoi deara**

**Má bhronntar méadú um dhuine fásta cáilithe ort, coinnigh cuimhne, le do thoil, gur féidir go mbeidh do dhuine fásta cáilithe i dteideal Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a éileamh dá c(h)eart féin nuair a bheidh sé/sí 66 bliana d'aois. Nuair a bheidh sé/sí 66 bliana d'aois, stadfaidh an méadú um dhuine fásta cáilithe go huathoibríoch agus tabharfar cuireadh dó/di iarratas ar Phinsean Stáit a dhéanamh dá c(h)eart féin. Is cóir a thabhairt faoi deara gur mó an tairbhe daoibh mar lánúin ó thaobh an airgid de, má fhaigheann gach duine agaibh pinsean dá c(h)eart féin.**

**Mar mhalairt air sin, má bhí do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir fostaithe nó féinfhostaithe, b'fhéidir go gcáileodh sé/sí do Phinsean Stáit (Ranníocach) in aois 66 bliana**

**Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.**

## Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is leanbh cáilithe é aon leanbh atá suas le 18 mbliana d'aois, a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á chothabháil agat, nó leanbh atá suas le 22 bhliain d'aois má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha de ló.

Meastar freisin leanbh atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin agus a chónaíonn leat de ghnáth ina leanbh cáilithe de do chuid ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an t-oideachas dara leibhéal a fhágáil nó Scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh.

Má cháilíonn tú do Mhéadú um Dhuine Fásta Cáilithe i leith do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora, gheobhaidh tú an ráta **iomlán** den Mhéadú um Leanbh Cáilithe do do leanbh/leanaí cáilithe.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa sóisialaigh dá c(h)earth féin, gheobhaidh sé/sí leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe is iomchuí dá (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe ar do phinsean.

Ní féidir leat Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil má fhaigheann an leanbh íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)earth féin.

## 5. Cad iad na méaduithe eile a fhéadfar a fháil?

Is féidir go mbeidh tú i dteideal méadú seachtainiúil nó méaduithe seachtainiúla sa bhreis a fháil in éineacht le do Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) bunúsach gach seachtain mar a leanas:

### Liúntas do Dhaoine os cionn 80 Bliain d' Aois

Gheobhaidh tú an liúntas seo go huathoibríoch nuair a bheidh tú 80 bliain d'aois. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an

liúntas seo iníoctha ar an méadú um dhuine fásta cáilithe.

### Liúntas um Chónaí ar Oileán

Is féidir go bhfaighidh tú Liúntas um Chónaí ar Oileán má chónaíonn tú ar oileán atá amach ó chósta Phoblacht na hÉireann, faoi réir coinníollacha áirithe.

### Liúntas Breosla

Is féidir go bhfaighidh tú Liúntas Breosla ar feadh 26 seachtaine sa gheimhreadh, faoi réir coinníollacha áirithe. Ar áireamh sna coinníollacha seo tá an coinníoll go gcónaíonn tú leat féin nó le daoine áirithe a shonraítear.

### Méadú um Chónaí Aonair

Is féidir go mbeidh tú i dteideal an Mhéadaithe um Chónaí Aonair má chónaíonn tú leat féin an t-am ar fad nó an chuid is mó den am.

Chun a thuilleadh eolais ar na méaduithe seo a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## 6. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníochach) a íoc gach seachtain:

- i d'oifig áitiúil an phoist trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha, **nó**
- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais.

## 7. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas ar Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a dhéanamh **3 mhí** roimh duit 66 bliana d'aois a shroicheadh. Má bhronntar pinsean ort, íocfar é ón Aoine tar éis duit do 66<sup>ú</sup> breithlá a shlánú nó ón Aoine tar éis an dáta a bhfaighfear d'iarratas.

### **Tabhair faoi deara**

**Is féidir go gcaillfear íocaíocht má chuirtear éileamh isteach go déanach.**

Chun iarratas a dhéanamh, líon an fhoirm iarratais **SPNC 1**, le do thoil, agus cuir í maille leis na cáipéisí riachtanacha go léir mar ráitis bhainc, duillíní pá pinsin agus teastais chearta chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

### **Rannóg an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach)**

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Guthán: (071) 91 57100

Íosghlao: 1890 500 000

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 71 9157100, le do thoil.

### **Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP)**

Ní mór duit d'Uimhir PSP agus Uimhir PSP do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora a thabhairt. Ní mór duit freisin Uimhir/Uimhreacha PSP a thabhairt dúinn i dtaca le haon leanbh/leanaí a bhfuil sé de rún agat íocaíocht a éileamh ina leith. Mura bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, le do thoil. Cuirfidh siad d'uimhir PSP in iúl duit. Mura bhfuil ceann agat, inseoidh siad duit cad a bheidh ort a dhéanamh chun ceann a fháil.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

### Teastais le cur i dteannta d'iarratais

Agus iarratas á dhéanamh agat ar Phinsean Stáit (Neamh-Ranníochach), is féidir go gcaithfidh tú teastais a chur chugainn **má tharla an bhreith (na breitheanna), an pósadh, an pháirtnéireacht shibhialta nó an t-aontas/cumann sibhialta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann**, teastais amhail:

- do theastas breithe,
- teastas breithe do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora,
- do theastas pósta nó do theastas clárúcháin um páirtnéireacht shibhialta nó um aontas/chumann sibhialta,
- teastas breithe/ teastais bhreithe do linbh cháilithe/ leanaí cáilithe. Tabhair faoi deara: Níl aon ghá le teastas breithe má tá Sochar Linbh á fháil agat cheana do na leanaí seo.

**Ní** ghlacaimid le fótachóipeanna teastas.

Mura bhfuil tú in ann teastas/teastais a fháil láithreach, is cóir duit d'fhoirm iarratais ar phinsean a chur isteach maille le nóta ina luafaidh tú go gcuirfidh tú an teastas/ na teastais chugainn a luaithe is féidir

**Más amhlaidh a bheidh teastas/teastais á chur/gcur agat chugainn ar ball, déan deimhin de, le do thoil, go luafaidh tú d'Uimhir PSP.** Tabharfar an uimhir seo duit go huathoibríoch nuair a gheobhaimid d'iarratas.

#### **Tabhair faoi deara**

**Cuir litir ó scoil nó ó choláiste chugainn, le do thoil, má tá éileamh á dhéanamh agat i leith linbh cháilithe, atá idir 18 mbliana agus 22 bhliain d'aois agus atá in oideachas lánaimseartha.**

## Iarratais dhéanacha

Cuir d'iarratas ar phinsean isteach in am, le do thoil. D'fhéadfá cuid den íocaíocht a chailleadh dá ndéanfá iarratas déanach. D'fhéadfaimis deonú an phinsin a dhátú siar, áfach, ar feadh tréimhse suas le 6 mhí roimh an dáta a ndearna tú iarratas má bhí fáth bailí leis an moill agat.

I gcásanna eisceachtúla áirithe, is féidir go mbeimid in ann an pinsean a dhátú siar ar feadh tréimhse is mó ná 6 mhí mar a leanas:

- níor chuir tú iarratas isteach in am toisc gur thug ár bhfoireann eolas mícheart duit,
- bhí tú chomh héagumasach sin nach raibh tú in ann éileamh a dhéanamh nó duine éigin a ainmniú chun gníomhú ar do shon,

I ngach cás ina ndéanfaimid breithniú ar íocaíocht a dhátú siar, caithfear gur deimhin linn freisin gur chuir d'acmhainn i dteideal na híocaíochta thú i leith na tréimhse sin.

Más dóigh leat gur féidir go gcáileoidh tú d'íocaíocht shiardhátaithe de réir aon cheann de na dálaí ar a ndéantar cur síos thuas, cuir na sonraí agus na cáipéisí tacaíochta chugainn, le do thoil.

## 8. Cad iad na sochair eile a fhéadfar a fháil?

### Saorthaisteal

Má tá buanchónaí sa Stát ort, cáileoidh tú do Phas Saorthaistil.

Cuirfidh an Scéim Shaorthaistil Uile-Éireann i dteideal taisteal saor in aisce ar sheirbhísí taistil i dTuaisceart na hÉireann thú, trí Phas Cliste do Sheanáirí (Senior Smartpass) a úsáid.

## Pacáiste na Sochar don Líon Tí

Is féidir, faoi réir coinníollacha áirithe, go gcáileoidh tú freisin do:

- Liúntas Leictreachais nó Liúntas Gáis, agus
- Saorcheadúnas Teilifíse.

## Liúntas Cúramóra agus Sochar Cúramóra

Is féidir go bhfaighidh duine Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra chun aire a thabhairt duit má tá gá agat le cúram agus aire lánaimseartha.

### Tabhair faoi deara

**Ó Mheán Fómhair 2007 b'fhéidir go bhféadfaí Liúntas Cúramóra ar leathráta a fháil mar aon le Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a fháil de do cheart féin nó dá mbeadh méadú um dhuine fásta cáilithe á fháil ag duine eile duit.**

Chun a thuilleadh eolais ar shochair a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## 9. Cad a tharlaíonn má fhágtar nó má dhíoltar an baile cónaithe?

### Do bhaile cónaithe á fhágáil agat

Má fhágann tú do bhaile cónaithe, de dheasca seanaoise nó éigléochta, ar feadh gearrthréimhse nó ar feadh tréimhse éiginnte, ní mheasúnófar luach do bhaile chónaithe mar acmhainn. Má bhaintear feidhm bhrabúsach as do bhaile cónaithe, áfach, mar shampla má ligtear ar cíós é, ansin measúnófar luach caipitil do thí mar acmhainn.

Má chuireann tú do theach ar díol, ní mheasúnóimid luach an bhaile chónaithe sin go ceann suas le 2 bhliain ón dáta ar

cuireadh ar díol é.

Má dhíoltar an mhaoin laistigh den dá bhliain, áfach, measúnóimid an t-ioncam ón díolachán mar acmhainn ag an tráth sin.

### Do bhaile cónaithe á dhíol agat

Má chónaíonn tú i lóistín nach n-oireann duit a thuilleadh nó ar ródheacair duit é a chothabháil, féadfaidh tú do bhaile cónaithe a dhíol agus bogadh isteach i lóistín a oireann níos fearr duit. I gcásanna áirithe, féadfaimid neamhaird a thabhairt ar na fáiltais a thioctfaidh ó do bhaile cónaithe a dhíol, suas le teorainn **€190,500**, agus sinn ag measúnú d'acmhainne.

Má chónaíonn tú in áitreabh atá scoilte idir limistéar cónaithe agus limistéar gnó, ní thabharfaimid díolúine ach ar na fáiltais ón díolachán suas le **€190,500** a bhaineann leis an limistéar cónaithe.

### Cathain a bhíonn feidhm ag an díolúine?

Bíonn feidhm ag an díolúine má dhíolann tú do bhaile cónaithe agus:

- má cheannaíonn tú lóistín eile, nó
- má thógann tú lóistín eile ar cíós, nó
- má bhogann tú isteach i dteach altranais príobháideach atá cláraithe faoin Acht Sláinte (Tithe Banaltrais) 1990, nó
- má bhogann tú isteach le duine a thugann aire duit agus a fhagheann Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúramóra, nó
- má bhogann tú go tithíocht speisialta nó go sciath-thithíocht san earnáil dheonach, san earnáil chomhoibritheach, san earnáil reachtúil nó san earnáil phríobháideach.

### Cad a tharlaíonn má cheannaítear lóistín níos oiriúnaí?

Má dhíolann tú do bhaile cónaithe agus má cheannaíonn tú lóistín níos oiriúnaí, tabharfar díolúine suas le teorainn €190,500



ar iarmhéid na bhfáltas ó do sheanbhaile cónaithe a dhíol.

### **Sampla 1**

Má dhíolann tú do bhaile cónaithe ar €320,000 agus má cheannaíonn tú lóistín nua ar €250,000, ní áireofar an iarmhéid €70,000 mar acmhainn mar tá sé faoi bhun na teorann €190,500.

### **Sampla 2**

Má dhíolann tú do bhaile cónaithe ar €450,000 agus má cheannaíonn tú lóistín nua ar €220,000, is í an difríocht ná €230,000. Tabharfar neamhaird ar an gcéad €190,500 agus measúnófar an fuílleach €39,500 mar acmhainn de réir na foirmle chun caipiteal a mheasúnú.

### **Cad a tharlaíonn má bhogtar isteach i dteach altranais príobháideach?**

Má dhíolann tú do bhaile cónaithe agus má bhogann tú isteach i dteach altranais príobháideach atá cláraithe faoin Acht Sláinte (Tithe Banaltrais) 1990, tabharfar díolúine suas le teorainn €190,500 ar na fáltais ó do sheanbhaile cónaithe a dhíol.

### **Sampla**

Má dhíolann tú do bhaile cónaithe ar €250,000 agus má bhogann tú isteach i dteach altranais príobháideach, ní áireofar €190,500 mar acmhainn. Ní chuirfeadh ach an difríocht idir na suimeanna seo (€59,500) san áireamh nuair a ríomhfar d'acmhainn sheachtainiúil.

## 10. Cad a tharlaíonn má théitear chun cónaí lasmuigh den Stát?

Ní íoctar an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) má chónaíonn tú lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, de ghnáth. Má tá an pinsean seo á fháil agat, áfach, féadfaidh tú leanúint den phinsean a fháil go ceann suas le 5 bliana i dTuaisceart na hÉireann, nó go dtí go bhfaighidh tú íocaíocht den chineál céanna ón údarás cuí ansin, más tuisce a tharlóidh sé sin.

Má fhágann tú Poblacht na hÉireann ar aon chúis eile, cuir in iúl dúinn láithreach é.

## 11. An leanfar den íocaíocht tar éis bháis?

### **Bás pinsinéara**

Má fhaigheann tú bás le linn duit a bheith ag fáil an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) a chuimsíonn Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe, íocfar do phinsean, agus an Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe san áireamh, le do chéile go ceann na tréimhse sé seachtaine ar fad tar éis an bháis.

### **Bás do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora**

Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir bás, leanfar den íocaíocht ina leith a íoc go ceann 6 seachtaine má chuimsigh d'íocaíocht méadú ina leith.

### **Bás linbh cháilithe**

Leanfar den íocaíocht i leith linbh cháilithe a íoc go ceann 6 seachtaine tar éis bhás an linbh sin.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## 12. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an **Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)** a fháil, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le **Rannóg an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach)** ag an seoladh thíos, nó

bain feidhm as an bhfoirm um fhiosrú ar líne ag **www.welfare.ie**.

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
**Rannóg an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach)**  
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Guthán: (071) 91 57100

Íosghlao: 1890 500 000

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, gaoigh ar + 353 71 9157100, le do thoil.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: (071) 919 3302  
Íosghlao: 1890 66 22 44

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, gaoigh ar + 353 71 91 93302, le do thoil.

- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).**

**Leabhráin áisiúla eile:**

<b>Liúntas Cúramóra</b>	<b>SW 41</b>
<b>Sochar Cúramóra</b>	<b>SW 49</b>
<b>Saorthaisteal</b>	<b>SW 40</b>
<b>Pacáiste na Sochar don Líon Tí</b>	<b>SW 107</b>
<b>Coinníoll Gnáthchónaithe</b>	<b>SW 108</b>
<b>Méadú um Chónaí Aonair</b>	<b>SW 36</b>
<b>Scéim Náisiúnta Bhreosla</b>	<b>SW 17</b>
<b>Pinsinéirí agus Coigilteas</b>	<b>SW 60</b>
<b>Leabhrán ar Rátaí Íocaíochta</b>	<b>SW 19</b>

# Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

[www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.